

# Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann  
Irish Tax and Customs

## **Cúiseanna nach mbeadh fógraí FPCI ar fáil agus treoir maidir le cad ba chóir a dhéanamh**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

## **1. Cuspóir an doiciméid.**

Féadfaidh sé nach bhfuair fostóirí an líon fógraí FPCI a raibh siad ag súil leor. Sa chuid is mó de chásanna, beidh an fostóir in ann a bpacáiste párolla a úsáid chun fostaithe a aithint nach bhfuil FPCI ar fáil lena n-aghaidh

Déantar cur síos sa doiciméad seo ar cuid de na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann nach mbeadh FPCI ar fáil le híoslódáil mar aon le treoir d'fhostóirí maidir le conas aghaidh a thabhairt orthu.

## **2. Níl an UPSP don fhostaí ceart.**

- Tá sé de fhreagracht ar fhostóir a seiceáil leis an bhfostaí go bhfuil an UPSP agus na sonraí a chur siad ar fáil ceart
- Féadann an fostóir an seiceálaí UPSP ar ROS a úsáid le fíorú go dtagann an UPSP agus an t-ainm a cuireadh ar fáil le taifid na gCoimisinéirí Ioncaim nó le taifid an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Tá an Seiceálaí UPSP ar fáil faoi “Seirbhísí Breise” ar an gcluaisín “Seirbhísí d’Fhostóirí” ar ROS.
- Sa chás nach bhfuil UPSP aonair/nua an fhostaí ar fáil, is gá don fhostaí

teagmháil a dhéanamh leis an RCS chun an UPSP nua a fháil nó chun a UPSP reatha a dheimhniú. Ní mór don fhostaí ansin teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim le moChúrsaí nó ar an Líne Chabhrach Náisiúnta ÍMAT (+353) 1 738 3636 chun na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoina UPSP nua.

## **3. Féadfaidh sé nach bhfuil an fostaí cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim.**

- Cé go bhféadfaidh sé go bhfuil UPSP bailí ag an bhfostaí, mura bhfuil an fostaí cláraithe le haghaidh ÍMAT fós leis na Coimisinéirí Ioncaim, ní fhéadtar Deimhniú Creidmheasanna Cánach ná FPCI a eisiúint don fhostaí sin.
- Sa chás go dtosaíonn fostaí a gcéad phost in Éirinn, is gá dóibh clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim. Folaíonn sé seo fostaithe atá neamhchónaitheach. Ní cheanglaítear ar fhostaí ach a gcéad fhostaíocht riamh a chlárú ar moChúrsaí, is ar an bhfostóir atá an fhreagracht aon fhostaíochtaí breise a chlárú.
- Má fuair fostaí Deimhniú Creidmheasanna Cánach roimhe seo ó na Coimisinéirí Ioncaim, thabharfadh sé seo le fios go bhfuil siad cláraithe cheana féin agus nach gá dóibh clárú arís.
- Mura bhfuair siad Deimhniú Creidmheasanna Cánach roimhe seo agus mura bhfuil siad cláraithe ar Phoist agus Pinsin ar moChúrsaí, féadfaidh sé gur gá dóibh clárú le haghaidh ÍMAT leis na Coimisinéirí Ioncaim. Féadann fostóirí iarraidh ar an bhfostaí féachaint ar an rannán Poist agus pinsin ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh tuilleadh eolais.
- Sa chás nach bhfuair fostóir fógra FPCI, ní féidir leo sonraí a úsáid maidir le Deimhniú Creidmheasanna Cánach an fhostaí chun asbhaintí a ríomh.

## **4. Níl an Fostaí/Stiúrthóir ceangailte leis an bhfostóir faoi láthair ar thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim.**

- Ní eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim FPCI le fostóir sa chás go bhfuil an fostaí ceangailte leis an bhfostóir sin trí fhostaíocht ghníomhach.
- Ní cheanglófar fostaí le fostóir mura gcuirtear an fhostaíocht nua-thosaithe in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim roimhe ná má scoireadh an fhostaíocht. Ó 1/1/2019 ar aghaidh, chun na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoi fhostaíocht, ba chóir don fhostóir ceann dóibh seo a dhéanamh:

- bain úsáid as na gnéithe tuairiscithe dhírigh ina bpacáistí párolla atá comhoiriúnach leis an Nua-Aoisú ÍMAT d'fhonn na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoi thosú fostaíochta (le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar lámhleabhar an bhogearra párolla), nó
- bain úsáid as ROS chun iarratas 'cruthaigh FPCI' a chomhlánú mura bhfuil pacáiste párolla á úsáid.

## **5. 4. Ag baint úsáide as UPSP a chríochnaíonn in dhá litir agus an litir dheiridh ina 'W':**

- Go stairiúil, ghlacadh bean chéile uimhir tagartha cánach a fir céile ach 'W' a chur le deireadh na huimhreach. Tá deireadh leis an gcleachtas seo agus eisítear UPSP aonair chuig gach cáiníocóir anois.
- Le haghaidh tuilleadh eolais ar an uimhreacha PSP, féach: Suíomh idirlín an RCS nó an t-eolas ar uimhreacha PSP ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Sa chás go bhfuil UPSP aonair nua eisithe ag an RCS chun teacht in áit na seanuimhreach 'W':
  - Ní ghlacfar leis an UPSP sa tseanfhoráid le haghaidh seirbhísí na gCoimisinéirí Ioncaim amhail CMÁ, Gnóthachain Chaipitiúla nó tíolacthaí ÍMAT.
  - Ní bheidh na Coimisinéirí Ioncaim in ann fógraí FPCI a eisiúint d'fhostaithe ach amháin lena UPSP aonair nua.
  - Ba chóir don fhostaí a bhfostóir a chur ar an eolas faoin UPSP aonair nua a chuireann an RCS ar fáil a luaithe a fhaigheann siad é
  - Ba chóir don fhostóir an UPSP aonair nua a úsáid le haghaidh an phárolla agus chun FPCI a fháil le haghaidh an fhostaí.
  - Sa chás nach bhfuil UPSP aonair/nua an fhostaí ar fáil, is gá don fhostaí teagmháil a dhéanamh leis an RCS chun an UPSP a fháil. Ní mór don fhostaí ansin teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim le moChúrsaí nó ar an Líne Chabhrach Náisiúnta ÍMAT (+353) 1 738 3636 chun na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas faoina UPSP nua.

## **6. Tá ordú eisiaimh gníomhach i bhfeidhm le haghaidh an fhostaí.**

- Má tá ordú eisiaimh ÍMAT gníomhach i bhfeidhm, ní bheidh FPCI ar fáil le híoslódáil. Ba chóir marcóir an Ordú Eisiaimh a shocrú "Fíor", níor cheart FPCI a iarraidh.

## **7. Dáta curtha isteach sa réimse "Dáta an FPCI deiridh" nuair atá FPCI á n-íoslódáil.**

1. Leis an rogha in ROS "Iarr fógraí FPCI le foirm ar líne", féadann fostóirí fógraí FPCI a íoslódáil de láimh.
2. Ach an réimse "Dáta an FPCI deiridh" a fhágáil bán, seolfar ar ais gach fógra FPCI atá ar fáil. Ná cuir dáta isteach sa réimse seo ach amháin má tá tú ag lorg fógraí FPCI go sonracha a athraíodh ó dháta sonracha.

## **8. Cúis eile sonrach don fhostaí.**

1. Féadfaidh sé go bhfuil cúiseanna eile leis nach bhfuil FPCI ar fáil le haghaidh fostaí, amhail athrú don stádas pósta, méala, athdháileadh creidmheasanna srl.
2. Mar gheall ar rúndacht cáiníocóirí, ní bheidh na Coimisinéirí loncaim in ann na gnéithe seo a phlé le fostóir.
3. Chun iad seo a réiteach, ba chóir comhairle a chur ar an bhfostaí teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo (Ar 017383636 nó le M'Fhiosruithe).
4. Mura bhfuil a dhóthain ama ar fáil don fhostaí cásanna mar seo a réiteach leis na Coimisinéirí loncaim, ba chóir don fostóir na rialacha Cánach Éigeandála a fheidhmiú ar íocaíochtaí an fhostaí.

Má tá gach ceann dá bhfuil thuas seiceáilte ag an bhfostóir agus má tá an fostóir sásta nach mbaineann siad leo, féadann siad ansin na rialacha Cánach Éigeandála a fheidhmiú le haghaidh fostaithe aonair, é sin nó teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim trí M'Fhiosruithe.